

**DÉAN TAGAIRT LE DO THOIL DON SEICLIOSTA TIONLACAIN MAR CHABHAIR I GCOMHLÁNÚ AN CHONARTHA SEO CHOMH MAITH LEIS AN NÓTA TREORACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA FOSTAÍOCHTA GINEÁRALTA**

**CONRADH FOSTAÍOCHTA**

**CÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA ~ CUSPÓIR SONRAITHE**

**TÁ AN CONRADH CUSPÓRA SHONRAITHE SEO DRÉACHTAITHE AR AN MBONN GO MBEIDH CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA FAOI CHUMHDACH SHEIRBHÍS SLÁINTE SAOTHAIR NA ROIINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA I.E. MEDMARK. MUNA MBÍONN AN CIORCLÁN A SHOLÁTHRAÍONN SEO I BHFEIDHM NUAIR A BHEIDH AN CONRADH SEO Á DHRÉACHTADH NÍOR MHÓR CLÁSAL & A LEASÚ DÁ RÉIR.**

**TÁ AN CONRADH SEO arna dhéanamh ar an ú lá de [IONSÁIGH DÁTA] 20 [IONSÁIGH BLIAIN]**

**IDIR**

- (1) **BORD BAINISTÍOCHTA [IONSÁIGH AINM NA SCOILE] as [IONSÁIGH SEOLADH NA SCOILE AGUS UIMHIR ROLLA] (an “Fostóir”)**

**AGUS**

- (2) **[IONSÁIGH AINM AN FHOSTAÍ CUSPÓRA SHONRAITHE] as [IONSÁIGH SEOLADH AN FHOSTAÍ CUSPÓRA SHONRAITHE] (an “Fostaí”)**

**ARNA GCOMHAONTÚ LEIS SEO MAR A LEANAS**

**1.00. COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE**

- 1.01. Is post [LÁNAIMSEARTHA/PÁIRTAIMSEARTHA/LÁNAIMSEARTHA (UAIREANTA NAÍONÁN) (SCRIOS MAR IS CUÍ. más PÁIRTAIMSEARTHA IONSÁIGH LÍON NA NUAIREANTA IN AGHAIDH NA SEACHTAINE)] an post seo agus, faoi réir na gclásal**

thíosluaithe, tosóidh an fhostaíocht ar [IONSÁIGH DÁTA TOSAITHE AN CHONARTHA]. Bíonn an Fostaí gafa le conradh cuspóra shonraithe chun [IONSÁIGH CUSPÓIR AN CHONARTHA SEO E.G. CHUN CUMHDACH A CHUR AR FÁIL DO XXX ATÁ AR SAOIRE MHÁITHREACHAIS] a fhoirceannfaidh ar éag don chuspóir sonraithe réamhráite.

- 1.02** Thairis sin, aontaíonn an Fostaí nach bhfeidhmeoidh forálacha an Acht um Dhífhostú Éagórach 1977~2007 i leith fhoirceannadh fhostaíochta an Fhostaí nuair a tharlaíonn an foirceannadh sin de bharr dhul in éag an chuspóra shonraithe anseo.
- 1.03.** Dearbhaíonn an Fostóir, chun críche Alt 8 d'Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003, nach mbíonn ar a chumas conradh ar thréimhse éiginnte a thairiscint agus mar sin tairiscítéar **an conradh cuspóra shonraithe seo/an conradh cuspóra shonraithe breise seo [SCRIOS MAR IS CUÍ]** ar na forais oibachtúla seo a leanas: Is gó an conradh seo (**SCRIOS IAD SEO A LEANAS NACH BHFUL OIRIÚNACH**)
- 1.03.01.** chun ionad fostáí a bhíonn ar saoire mháithreachais agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmáis a ghabháil

## NÓ

- 1.03.02.** chun ionad fostáí a bhíonn ar saoire chúramóra agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmáis a ghabháil

## NÓ

- 1.03.03.** chun ionad fostáí a bhíonn ar saoire bhreoiteachta agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmáis a ghabháil

## NÓ

- 1.03.04.** chun ionad fostáí a bhíonn ar saoire uchtála agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmáis a ghabháil

## NÓ

- 1.03.05.** chun ionad fostáí a bhíonn ar saoire thuismitheoirí agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmáis a ghabháil

## NÓ

- 1.03.06.** chun ionad fostáí a bhíonn ar saoire údaraithe agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagais a ghabháil

## NÓ

- 2.03.07.** go dtí go gceaptar fostáí seasta don scoil

**(MUNA MBÍONN AN FORAS OIBIACHTÚIL SNA SAMPLAÍ THUAS  
IONSÁIGH AN FORAS OIBIACHTÚIL CEART AGUS SCRÍOS NA  
SAMPLAÍ THUAS)**

- 1.04.** Glacann an Fostaí leis na na forais oibachtúla agus aontaíonn go bhfuil an conradh taigthe ar bhonn cuspóra shonraithe nach féidir a thairiscint mar chonradh tréimhse éiginnte.
- 1.05.** Aontaíonn an Fostóir an Fostaí a chur ar an eolas faoi fholúntais ar bith a bhíonn ar fáil i bpost seasta do chúntóir riachtnas speisialta le linn tréimhse an chonartha seo. Tabharfar eolas trí **[IONSÁIGH AN TSLÍ A GCUIRFIDH FOSTÓIR  
CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA TÉARMA SHOCRAITHE  
AR AN EOLAS FAOI FHOLÚNTAIS DO PHOST SEASTA DO  
CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA]**

## 2.00. PROMHADH

- 2.01.** Beidh an Fostaí ar promhadh ar feadh **(IONSÁIGH LÍON NA MÍONNA AR  
CHEART 6 MHÍ A BHEITH ANN ACH AMHÁIN GO MBÍONN SEO  
NÍOS FAIDE NÁ TRÉIMHSE AN CHONRADH CUSPÓRA  
SHONRAITHE NUAIR A BHÍONN SEO AR EOLAS)** mhí le héifeacht ón dáta tosathe fostáiochta. Ar chríoch don tréimhse luaite féadfar ceapachán chuspóir sonraithe an Fhostáí a dheimhniú. Féadfar promhadh a fhadú ar feadh tréimhse breise nach mbíonn níos faide ná **(NÍ CEART SEO A BHEITH NÍOS  
MÓ NÁ 5 MHÍ, I.E. NÍ CEART AN TRÉIMHSE PHROMHAIDH IOMLÁN  
A BHEITH NÍOS FAIDE NÁ 11 MHÍ NÁ NÍ CEART Í A BHEITH NÍOS  
FAIDE NÁ TRÉIMHSE AN CHONRADH CUSPÓRA SHONRAITHE  
NUAIR A BHÍONN SEO AR EOLAS)** mhí nó féadfar fostáiocht an Fhostáí a fhoirceannadh de réir chinneadh an Fhostóra. Sa chás go mbíonn feidhmíocht an Fhostáí míshásúil le linn na tréimhse promhaidh nó tréimhse phromhaidh shínte, féadfar fostáiocht a fhoirceannadh trí fógra seachtaine a thabhairt.

### **3.00. TUARASTAL**

- 3.01.** Beidh scála tuarastail an phoist seo i gcomhréir leis an scála tuarastail a bheidh infheidhme i leith Chúntóirí Riachtanas Speisialta [CRS] arna chinneadh ó am go ham ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- 3.02.** Íocfar tuarastal go coicísiúil go riaráisteach.

### **4.00. UAIREANTA OIBRE**

- 4.01.** Éileofar ar an bhFostaí gnáth-uaireanta ranga a oibriú lena n-áirítear tréimhsí sosa ranga agus ina theannta sin a bheith i láthair roimh agus tar éis am scoile chun cabhrú le hullmhúchán agus slachtú seomraí ranga, glacadh agus scaipeadh páistí etc. Beidh gnáthuaireanta oibre ó **[IONSÁIGH AM]** go **[IONSÁIGH AM]** **[TOISC NACH NÍÓCTAR D'AMANNA SOSA, NÍ ÁIRÍTEAR AMANNA SOSA MAR AMANNA OIBRE]** gach lá le linn na scoilbhliana. Feidhmeoidh gnáth theidlíochtaí sosa oibre de réir fhorálacha an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997. Is de rogha Phríomhoide na Scoile a bheidh amanna sosa.

### **5.00. IONAD FOSTAÍOCHTA**

De ghnáth beidh an t-áitreabh Scoile mar an ghnáthionad fostaíochta. Ach ar ócaídí, beidh ar pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta a bheith i láthair ag ionad eile lasmuigh den Scoil, agus i gcásanna dá leithéid, éileofar ar an bhFostaí iad a thionlacan chuig agus ón ionad san.

### **6.00. RÚNDACHT**

- 6.01.** Bítear ag súil leis go ndéileálfайдh agus go gcaithfidh an Fostaí le gach rud a bhaineann le cúrsaí Scoile agus le hobair an Fhostaí mar Chúntóir Riachtanas Speisialta faoi rún daingean. Déileálfar le haon sárú i leith an cheanglais seo mar bheart tromchúiseach mí-iompair.

### **7.00. CINEÁL OIBRE**

- 7.01.** Is in Aguisín 1 a ghabhann leis seo a leagtar amach an cineál oibre a bhíonn le déanamh ag an bhFostaí faoi threorú Phríomhoide na Scoile nó duine shinsearaigh eile ag gníomhú ar son an Fhostóra.

### **8.00. SAOIRE BHREOITEACHTA**

**8.01.** Feidhmítear scéim sheirbhís sláinte saothair faoin Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh Chúntóirí Riachtanas Speisialta. Aontaíonn agus geallann an Fostóir go gcomhoibreoidh sé/sí go hiomlán leis an scéim seo. Ina theannta sin, chun é féin a shásamh maidir le infheidhmeacht dualgais an Fhostaí, coinníonn an Fostóir an ceart aige féin an Fostaí a chur faoi scrúdú liachleachtóra nó speisialtóra ainmnithe ag an bhFostóir, ar chostas an Fhostóra, agus aontaíonn an Fostaí agus geallann sé/sí go gcomhoibreoidh sé/sí go huile agus go hiomlán le hiarratas ar bith dá leithéid. Údaráíonn an Fostaí leis seo liachleachtóir nó specialtóir dá leithéid torthaí a c(h)uid scrúduithe a nochtadh don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Fostóir.

## **9.00. SAOIRE MHÁITHREACHAIS**

**9.01.** Éilítéar ar an bhFostáí cloí le téarmaí Chiorcláin a eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go ham maidir le saoire mháithreachais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta.

## **10.00. CIORCLÁIN NA ROIINNE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA**

**10.01.** Éilítéar ar an bhFostáí cloí le téarmaí Chiorcláin a eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go ham maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

## **11.00. PINSEAN**

**11.01.** Is de réir rialacha agus rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna a bheidh socruithe pinsin le haghaidh Chúntóirí Riachtanas Speisialta mar a chinntear ó am go ham. Beidh téarmaí an Acht um Aoisliúntas na Seirbhise Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 i bhfeidhm maidir le haois scoir.

## **12.00. LAETHANTA SAOIRE**

**12.01.** De ghnáth is iad na laethanta saoire a bhíonn i gceist ná na laethanta saoire a bhíonn ag an Scoil a mbíonn an Fostáí sannta di. Ina theannta sin is gá go mbíonn an Fostáí ar fáil ar feadh cúpla lá ag túis agus ag deireadh na scoilbhliana. Féadfar na laethanta seo (uaslón de 12 san iomlán sa scoilbhliain) a chomhcheangal de rogha Bhainistíocht na Scoile agus iad a úsáid go solúbtha le linn na bliana le

haghaidh obair a bhíonn oiriúnach don ghrád lena n-áirítear traenáil. Ní bheidh na laethanta seo níos faide ná cúig lá leantacha agus beidh siad díreach tar éis téarmaí scoile nó roimh théarmaí scoile nó laistigh de cúpla lá den chéanna.

## **13.00. NÓSANNA IMEACHTA CASAOIDE AGUS SMACHTA**

- 13.01.** Nós Imeachta Casaoide. Beidh an Fostaí i dteideal nósanna imeachta casaoide a gaírt de réir mar a chomhaontaítear ó am go ham.
- 13.02.** Nós Imeachta Smachta. Ceadaítear don Fhostóir an Fostaí a chur ar fionraí, smachtbhannaí a chur ar an bhFostaí agus a c(h)eadapachán a fhoirceannadh i gcomhréir lena leithéid de nósanna imeachta smachta/dífhostaithe a gcomhaontaítear leo ó am go ham.

Feadfar an Fostaí a dhífhostú de dheasca:

- 13.02.01** Neamhinniúlacht nó feidhmíocht mhíshásúil;
- 13.02.02** Mí-iompar (tromchúiseach nó leanúnach);
- 13.02.03** Éagumas;
- 13.02.04** Neamhchomhlíonadh treoracha réasúnacha;
- 13.02.05** Sárú Iontaoibhe;
- 13.02.06** Cúis mhór éigin eile.

## **14.00. FÓGRA FOIRCEANTA**

- 14.01.** Tabharfar fógra de thréimhse chuí don Fhostáí de réir fhorálacha an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 – 1991 mar is cuí ach amháin in imthosca a thugann údar le foirceannadh láithreach festaíochta. Féadfar festaíocht leis an bhFostóir a fhoirceannadh trí iomarcaíocht a thairiscint. Sa chás sin feidhmeoidh téarmaí de chomhaontú comhchoiteann ar bith maidir le hiomarcaíocht.
- 14.02.** Féadfar festaíocht a fhoirceannadh gan fógra mar thoradh ar mhí-iompar tromchúiseach.
- 14.03.** Ní mór don Fhostáí fógra ceithre seachtaine a thabhairt nuair a bheartaíonn sé/sí éirí as a c(h)uid festaíochta.
- 14.04.** Féadfaidh ceachtar páirtí fógra de thréimhse níos giorra a thabhairt de thoil a chéile.
- 14.05.** Féadfar tuarastal a íoc in lieu fógra de rogha an Fhostóra.

**14.06.** Foirceannfaidh an conradh fostáiochta ar dhul in éag do théarma socraithe fostáiochta an Fhostaí gan dochar dá bhfuil thuasluaite.

**15.00. ÉITEAS**

**15.01.** Admhaíonn an Fostaí gur cuireadh ar an eolas é/í maidir le héiteas Caitliceach a bheith ag an Scoil agus gurb é dualgas an Fhostaí seasamh le héiteas Caitliceach na Scoile, arna chinneadh ag Patrún na Scoile, agus a bheith freagrach as an seasamh sin.

**16.00. COMHAONTÚ**

**16.01.** Glacaim agus aontaím le téarmaí agus coinníollacha uile mo chuid fostáiochta thuasluaite

Sínithe: \_\_\_\_\_  
**FOSTAÍ**

Dar dáta: \_\_\_\_\_

Sínithe: \_\_\_\_\_  
**Ar son agus thar ceann an Fhostóra  
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)**

Dar dáta: \_\_\_\_\_

**AN CONRADH SEO LE SÍNIÚ I NDÚBLACH AG AN BHFOSTAÍ AGUS AG AN BHFOSTÓIR AGUS CÓIP AMHÁIN TUGTHA DON FHOSTAÍ AGUS CÓIP AMHÁIN COINNITHE AG AN MBORD BAINISTÍOCHTA ~ SCRÍOS AN TREORÚ SEO.**

## AGUISÍN 1

Earcaítear Cuntóirí Riachtanas Speisialta go sonrach chun cabhrú le scoileanna na seirbhísí nach mbaineann le múineadh a chur ar fáil le haghaidh daltaí ag a bhfuil riachtanais oideachais mheasta. Is é/í an Príomhoide, ag gníomhú ar son an Fhostóra, a leagann amach na dualgais atá sannta orthu. Déanann an Príomhoide nó múinteoir ainmnithe ag an bPríomhoide maoirseacht ar a gcuid oibre. Is iad na dualgais atá le comhlíonadh acu ná tascanna nach mbaineann le múineadh mar atá:

1. An seomra ranga a ullmhú agus a għlanadh suas.
2. Cabhrú le páistí scoile dul ar bord busanna scoile agus tuirlingt díobh. Taistéal mar thionlacóir ar bhusanna scoile le linn uaireanta scoile má eilítéar san nuair a bhíonn gá.
3. Cabhair speisialta nuair a bhíonn gá le haghaidh daltaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu e.g. cabhrú le daltaí riachtanas speisialta clóscríobh nó scríobh a dhéanamh nó oibriú ar ríomhairí nó úsáid a bhaint as trealamh.
4. Cabhrú le gléasadh, cothú, leithreas agus sláinteachas pearsanta, ag tógáil riachtanais shláinte agus shábháilteachta an dalta san áireamh.
5. Ag cabhrú nuair a bhíonn cuairteanna lasmuigh den scoil i gceist, siúlóidí, scrúduithe agus gníomhaíochtaí eile dá leithéid.
6. Ag cabhrú leis na múinteoirí maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí ag an tionól, ag am sosa agus ag am scaolite ón rang ar chuíos amháin nó ar chuíos eile.
7. Daoine aonair nó grúpaí beaga a mbeidh orthu an rang a fhágáil ar feadh tréimhse ar chuíos amháin nó ar chuíos eile a thionlacan.
8. Cúnamh ginearálta a thabhairt do mhúinteoirí ranga, faoi threorú an Phríomhoide, le tascanna nach mbaineann le múineadh. (Níl sé ceadmhach do Chuntóirí Riachtanas Speisialta feidhmiú mar mhúinteoirí ionaid nó mar mhúinteoirí sealadacha. Níl sé ceadmhach in imthosca ar bith iad a fhágáil i gceannas iomlán ar rang nó ar ghrúpa daltaí).
9. Rannpháirtíocht i bpleanáil fhorbartha scoile, nuair is cuí, agus comhoibriú maidir le hathruithe ar bith i bpolasaithe agus i gcleachtais a eascraíonn as an bpróiseas forbartha scoile.

10. Teagháil le tuismitheoirí dhaltaí riachtanas speisialta ar bhonn foirmeálta agus neamhfhoirmeálta de réir mar atá leagtha síos ag Bainistíocht na Scoile.
11. Dualgais eile in oiriúint don phost de réir riachtanais na ndaltaí agus na Scoile mar a tharlaíonn ó am go ham a chomhlíonadh. Féadfar dualgais eile in oiriúint don ghrád a leagadh ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta nuair a bhíonn daltaí riachtanas speisialta as láthair nó nuair a bhíonn obair phráinneach ar leith le déanamh.